# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2023/567 ÓN gCOMHAIRLE

**an 9 Márta 2023**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 66ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoin gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú ag Prótacal 1972, agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Coinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú le Prótacal 1972 ("an Coinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha"), i bhfeidhm an 8 Lúnasa 1975.

(2) De bhun Airteagal 3 den Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha, féadfaidh an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a chinneadh substaintí a chur le Sceidil an Choinbhinsiúin. Ní féidir leis athruithe a dhéanamh ar na Sceidil ach amháin i gcomhréir le moltaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte ("EDS"), ach is féidir leis cinneadh a dhéanamh freisin gan na hathruithe atá molta ag EDS a dhéanamh.

(3) Tháinig Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971 ("an Coinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha") i bhfeidhm an 16 Lúnasa 1976.

(4) De bhun Airteagal 2 den Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha, féadfaidh an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a chinneadh substaintí a chur leis na Sceidil a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin nó iad a bhaint díobh, ar bhonn moltaí ó EDS. Tá cumhachtaí lánroghnacha leathana aige tosca eacnamaíocha, sóisialta, dlíthiúla, riaracháin agus eile a chur san áireamh, ach ní fhéadfaidh sé gníomhú go treallach.

(5) Bíonn iarmhairtí díreacha ag athruithe ar na Sceidil a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha agus leis an gCoinbhinsiún um Shubstaintí Síceatrópacha ar raon feidhme dhlí an Aontais i réimse an rialaithe drugaí. Tá feidhm ag Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle ([1]) maidir le substaintí a liostaítear i Sceidil na gCoinbhinsiún sin. Dá bhrí sin, déantar aon athrú ar na Sceidil a ghabhann leis na Coinbhinsiúin sin a ionchorprú go díreach i gcomhrialacha an Aontais.

(6) Le linn an 66ú seisiún, atá beartaithe don 13 go dtí an 17 Márta 2023 i Vín, tá an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha le cinneadh a dhéanamh maidir le seacht substaint nua a chur leis na Sceidil a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha agus leis an gCoinbhinsiún um Shubstaintí Síceatrópacha.

(7) Níl an tAontas ina pháirtí sa Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha ná sa Choinbhinsiún um Shubstaintí Síceatrópacha. Tá stádas breathnóra nach bhfuil cearta vótála aige sa Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha; is comhaltaí den Choimisiún a bhfuil vóta acu i mí an Mhárta 2023 12 cheann de na Ballstáit ([2]). Is gá don Chomhairle údarú a thabhairt do na Ballstáit sin seasamh an Aontais a chur in iúl maidir le sceidealú substaintí faoi na Coinbhinsiúin siúd ós rud é gur faoi inniúlacht an Aontais a thagann cinntí den sórt sin.

([1]) Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí ar dhrugaí (IO L 335, 11.11.2004, lch. 8).

([2]) An Ostair, an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ungáir, an Iodáil, an Liotuáin, an Ísiltír, an Pholainn, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn.

(8) Tá sé molta ag EDS ceithre shubstaint nua a chur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha, agus trí shubstaint nua a chur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(9) Déanann an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí ("EMCDDA") faireachán ar gach substaint a d'athbhreithnigh Coiste Saineolaithe EDS ar Spleáchas ar Dhrugaí ("an Coiste Saineolaithe") agus a mhol EDS a sceidealú mar shubstaintí sícighníomhach nua faoi théarmaí Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(10) De réir mheasúnú an Choiste Saineolaithe, is cannaibionóideach sintéiseach é ADB-BUTINACA (ceimiceach IUPAC: N-[1-(aimíneacarbóinil)-2,2-démheitiolpróipil]-1-búitil-1H-iondasól-3-carbocsaimíd) atá díorthaithe ón iondasól, agus is é an S-eanantaiméir an chomhdhúil ghníomhach (Uimh. CAS: 2682867-55-4). Níl aon úsáid theiripeach ag ADB-BUTINACA agus níl údarú margaíochta táirge íocshláinte faighte ina leith. Tá a dhóthain fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á baint as ADB-BUTINACA nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid as agus gur féidir é a bheith ina fhadhb sláinte poiblí agus ina fhadhb shóisialta a fhágann gur gá an tsubstaint a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go gcuirtear ADB-BUTINACA i Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(11) Braitheadh ADB-BUTINACA i 26 Bhallstát agus rialaítear é i gcúig Bhallstát ar a laghad. Tá dian-fhaireachán á dhéanamh ar ADB-BUTINACA faoi láthair ag EMCDDA. B'ábhar é d'fholáireamh a bhain leis an tsláinte phoiblí a d'eisigh Córas Luathrabhaidh agus Luathfhreagartha an Aontais Eorpaigh ("EWRS"). Luaitear ADB-BUTINACA in dhá fholáireamh a bhaineann leis an tsláinte phoiblí freisin. Bhí baint aige le teagmhais dhíobhálacha thromchúiseacha a thuairiscigh dhá Bhallstát, lena n-áirítear 14 bhás.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas ADB-BUTINACA a chur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(13) De réir mheasúnú an Choiste Saineolaithe, is ópóideach beinsmíodasóil é prótonaitiséin (ainm IUPAC: N,N-dé-eitil-5-nitrea-2-[(4-própocsaifeinil)meitil]-1-H-beinsimíodasól-1-eiteanaimín. Sintéisíodh prótonaitiséin den chéad uair mar mhalairt ar an moirfín ach níl aon úsáid theiripeach cheadaithe ag prótonaitiséin. Tá a dhóthain fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á baint as prótonaitiséin nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid aisti agus gur féidir í a bheith ina fadhb sláinte poiblí agus ina fadhb shóisialta a fhágann gur gá an tsubstaint a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go gcuirfí prótonaitiséin i Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(14) Braitheadh prótonaitiséin in dhá Bhallstát agus rialaítear í i dtrí Bhallstát ar a laghad. Tá dian-fhaireachán á dhéanamh ar phrótonaitiséin faoi láthair ag EMCDDA. Níor tuairiscíodh aon fhaisnéis do EMCDDA maidir le teagmhais dhíobhálacha thromchúiseacha lena mbaineann prótonaitiséin.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas prótonaitiséin a chur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(16) De réir mheasúnú an Choiste Saineolaithe, is ópóideach sintéiseach í eitiséin (ainm IUPAC: 2[4-eatocsaifeinil) meitil]-N,N-dé-eitil-1H-beinsimíodasól-1-eatánaimín) agus struchtúr ceimiceach agus cógaseolaíochta aici atá cosúil le struchtúir drugaí atá sceidealaithe faoi Sceideal I (faoi Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha) amhail an chlónaitiséin, an eatonaitiséin, agus an iseatóineataiséin. Rinneadh staidéar ar an eitiséin mar gheall ar a hairí anailgéiseacha ach ní heol aon úsáid leighis a bheith ag an eitiséin. Tá a dhóthain fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á baint as an eitiséin nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid aisti agus gur féidir í a bheith ina fadhb sláinte poiblí agus ina fadhb shóisialta a fhágann gur gá an tsubstaint a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go gcuirfí eitiséin i Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(17) Braitheadh eitiséin in ocht mBallstát agus rialaítear í i gcúig Bhallstát ar a laghad. Tá dian-fhaireachán á dhéanamh ar eitiséin faoi láthair ag EMCDDA. Bhí baint aici le teagmhais dhíobhálacha thromchúiseacha a thuairiscigh dhá Bhallstát, lena n-áirítear ceithre bhás.

---

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (IO L 376, 27.12.2006, lch. 1).

(18) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas eitiséin a chur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(19) De réir mheasúnú an Choiste Saineolaithe, is ópóideach sintéiseach í eatóiniotaiseipín (ainm IUPAC: 2-[(4-eatocsaifeinil)meitil]-5-nitrea-1-(2-pioróilidin-1-ileitil)-1H-beinsimíodasól) agus struchtúr ceimiceach agus cógaseolaíochta aici atá cosúil le struchtúir dhrugaí atá sceidealaithe faoi Sceideal I (faoi Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha) amhail an eatonaitiséin. Rinneadh staidéar ar an eatóiniotaiseipín mar gheall ar a hairí anailgéiseacha ach ní heol aon úsáid leighis a bheith ag an eatóiniotaiseipín. Tá a dhóthain fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á baint as an eatóiniotaiseipín nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid aisti agus gur féidir í a bheith ina fadhb sláinte poiblí agus ina fadhb shóisialta a fhágann gur gá an tsubstaint a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go gcuirfí an eatóiniotaiseipín i Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(20) Braitheadh an eatóiniotaiseipín in ocht mBallstát agus rialaítear é in dhá Bhallstát ar a laghad. Is féidir go ndíoltar an eatóiniotaiseipín, mar a dhéantar le hópóidigh nua eile, mar mhalairt ar ópóidigh atá rialaithe, agus bhí sí ina hábhar d'fholáireamh a bhain leis an tsláinte phoiblí a d'eisigh EWRS. Tá dian-fhaireachán á dhéanamh ar an eatóiniotaiseipín faoi láthair ag EMCDDA. Thuairiscigh tír amháin cás báis inar deimhníodh nochtadh don eatóiniotaiseipín.

(21) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas eatóiniotasieipín a chur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(22) De réir mheasúnú an Choiste Saineolaithe, is ópóideach sintéiseach í 2-meitil-AP-237 (ainm IUPAC: 1-{2-meitil-4-[(2E)-3-feinilpróp-2-ein-1-il]pipioraisín-1-il}bútán-1-ón) a rangaítear go hiondúil mar 1-cionnaimilpipioraisín. Ní heol aon úsáid theiripeach a bheith ag 2-meitil-AP-237, agus níl údarú margaíochta táirge íocshláinte faighte ina leith. Tá a dhóthain fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á baint as 2-meitil-AP-237 nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid as agus gur féidir é a bheith ina fhadhb sláinte poiblí agus ina fhadhb shóisialta a fhágann gur gá an tsubstaint a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go gcuirfí 2-meitil-AP-237 i Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(23) Braitheadh 2-meitil-AP-237 i sé Bhallstát agus rialaítear é i gceithre Bhallstát ar a laghad. Bhí baint aige le teagmhais dhíobhálacha thromchúiseacha, lena n-áirítear cás amháin báis.

(24) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas 2-meitil-AP-237 a chur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(25) De réir mheasúnú an Choiste Saineolaithe, is caitíonóin sintéiseach é alfa-PiHP (α-PiHP (ainm IUPAC: 4-meitil-1-feinil-2-(pioróilidin-1-il)peantán-1-ón). Ní heol aon úsáid theiripeach a bheith ag alfa-PiHP agus níl údarú margaíochta táirge íocshláinte faighte ina leith. Tá a dhóthain fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á baint as alfa-PiHP nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid as agus gur féidir é a bheith ina fhadhb sláinte poiblí agus ina fhadhb shóisialta a fhágann gur gá an tsubstaint a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go gcuirfí alfa-PiHP i Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(26) Braitheadh alfa-PiHP in 18 mBallstát agus rialaítear é i seacht mBallstát ar a laghad. B'ábhar é alfa-PiHP d'fholáireamh a bhain leis an tsláinte phoiblí a d'eisigh EWRS. Bhí baint aige le teagmhais dhíobhálacha thromchúiseacha a thuairiscigh Ballstát amháin, lena n-áirítear ceithre bhás, agus braitheadh é i samplaí bitheolaíocha a bhí nasctha le teagmhais dhíobhálacha thromchúiseacha a thuairiscigh ceithre Bhallstát.

(27) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas alfa-PiHP a chur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(28) De réir mheasúnú an Choiste Saineolaithe, is ópóideach sintéiseach í 3-meitil-AP-237 (3-MMC, ainm IUPAC: 2-(meitilaimín)-1-(3-meitilfeinil)própán-1-ón) agus is isiméir shuímh é de 4-meitilmeatcaitíonón (4-MMC, meifeadrón) atá faoi rialú idirnáisiúnta (Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha). Rinneadh athbhreithniú criticiúil ar 3-MMC in 2016, ach cinneadh athbhreithniú criticiúil eile a iarraidh, a bheadh le plé ag cruinniú ina dhiaidh sin, ar feitheamh faisnéise breise. Aimsíodh roinnt iarratas ar phaitinn ina raibh úsáid 3-MMC san áireamh ach níor aimsíodh aon triail chliniciúil reatha maidir le húsáid theiripeach 3-MMC. Maille leis sin, níl aon úsáid aitheanta ag 3-MMC sa mhíochaine dhaonna ná sa mhíochaine thréidliachta san Aontas.

(29) Rinne coiste eolaíoch EMCDDA measúnú ar na rioscaí a bhaineann le 3-MMC agus cuireadh 3-MMC san áireamh cheana féin sa sainmhíniú ar "dhruga" faoi Chinneadh Réime 2004/757/CGB le Treoir Tarmligthe (AE) 2022/1326 ón gCoimisiún ([4]). Tá dian-fhaireachán á dhéanamh ar 3-MMC faoi láthair ag EMCDDA. Tráth a rinneadh an measúnú riosca, i mí na Samhna 2021, bhí 3-MMC braite i 23 Bhallstát. Bhí 27 mbás san iomlán inar deimhníodh nochtadh do 3-MMC tuairiscithe ag cúig Bhallstát agus bhí 14 nimhiú géar neamh-mharfach inar deimhníodh nochtadh do 3-MMC tuairiscithe ag ceithre Bhallstát.

(30) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas 3-MMC a chur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(31) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a bhunú, mar beidh tionchar díreach ag na cinntí maidir le sceidealú i ndáil leis na seacht substaint ar inneachar dhlí an Aontais, eadhon Cinneadh Réime 2004/757/CGB.

(32) Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag na Ballstáit sin atá ina gcomhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach.

(33) Tá an Danmhairg faoi cheangal ag Cinneadh Réime 2004/757/CGB agus, dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.

(34) Tá Éire faoi cheangal ag Cinneadh Réime 2004/757/CGB agus, dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh ag na Ballstáit thar ceann an Aontais sa 66ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, a bheidh ar siúl ar an 13 go dtí an 17 Márta 2023, nuair a iarrfar ar an gcomhlacht sin cinntí a ghlacadh maidir le substaintí a chur leis na Sceidil a ghabhann le Coinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú le Prótacal 1972, agus le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971, is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a bheidh sé.

*Airteagal 2*

Cuirfidh na Ballstáit is comhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanach in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasa an Aontais.

*Airteagal 3*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Márta 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
G. STRÖMMER

---

([4]) Treoir Tarmligthe (AE) 2022/1326 ón gCoimisiún an 18 Márta 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle maidir le substaintí sícighníomhacha nua a áireamh sa sainmhíniú ar "druga" (IO L 200, 29.7.2022, lch. 148).

*IARSCRÍBHINN*

An seasamh atá le glacadh ag na Ballstáit is comhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha iad, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, chun leasa an Aontais le linn an 66ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí, a bheidh ar siúl ar an 13 go dtí an 17 Márta 2023:

(1) Tá ADB-BUTINACA le cur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(2) Tá an prótonaitiséin le cur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(3) Tá an eitiséin le cur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(4) Tá an eatóiniotaiseipín le cur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(5) Tá 2-meitil-AP-237 le cur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(6) Tá alfa-PiHP le cur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(7) Tá 3-MMC le cur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.